

PLÁINÉAD UAIGNEACH – PRÓS NA GAEILGE

SEÁN Ó CEARNAIGH AGUS CAOILFHIONN NIC PHÁIDÍN

Réamhrá

Sa treoirleabhar atá ag *Lonely Planet* ar an tSlóivéin (Watson 2001:44) deirtear an méid seo:

Slovenia is the third-smallest literature market in Europe and a fiction best-seller in this country means 500 copies. It still manages to publish 15 books per 10,000 people a year though, against the EU average of 10.

Ní bhfuaireamar aon éachtaint ar an dá mhargadh eile atá níos cúinge fós ná ceann na Slóivéine ach samhlaímid meafar an Phláinéid Uaignigh go minic le foilsitheoirreacht liteartha na Gaeilge. Pléifidh an páipéar seo lenár dtuiscint agus lenár dtaithí phraiticiúil ar fhiontar na foilsitheoirreachta Gaeilge i mbun Cois Life dúinn beirt sna deich mbliana ó bunaíodh é. Foilsitheoirí liteartha agus acadúla is ea sinn, agus pléifimid anseo na hábhair dóchais agus na dúshláin a chastar orainn ar bhonn praiticiúil i mbun na hoibre sin, ag tagairt go háirithe do phrós na Gaeilge, téama na bliana seo. Léargas na fiontraíochta atá againn, ar staid an mhargaíd agus ar inbhuanaitheacht an tionscail, agus ar athnuachan na mbunacmhainní, léitheoirí agus scríbhneoirí. Níl ceachtar againn ag tuilleamh ár mbeatha go gairmiúil as léann ná as critic na Gaeilge, agus ní cás linn mionchíoradh a dhéanamh anseo ar chorpas an nua-phróis ná ar theoiricí léirmheastóireachta.

Pláinéad uaigneach is ea litríocht chomhaimseartha na Gaeilge. Díreoirímid sa léacht seo ar ár dtaithí féin ar an bhfoili-

sitheoiracht, agus ar na mogaill chaocha san eangach tacaíochta agus táirgíochta. Fágfaimid faoin léitheoir féin a mheas cén staid ina bhfuil na bunacmhainní is dlúth agus is inneach don dea-phrós, is iad sin teanga láidir shaibhir, scríbhneoirí ardchumais agus margadh bríomhar. Tráchtfaimid ar na gníomhairí éagsúla: údair, foilsitheoirí, díoltóirí agus lucht teagaisc na litríochta ar an tríú leibhéal. Tráchtfaimid ar na forais tacaíochta Stáit, a bhfuil ról forbartha acu sa chúram seo. Is iad na téamaí a roghnaíomar chuige sin:

- Catagóiriú agus seánraí an phróis
- Cothú mhargadh na litríochta
- Bunacmhainní an phróis – teanga, scríbhneoirí, léitheoirí
- Earnáil na foilsitheoirachta agus ról Cois Life

Catagóiriú agus seánraí an phróis

Téarma cuimsitheach iomlánaíoch againne is ea an próis. Níl an léamh céanna againne ar ‘phrós na Gaeilge’ agus an tuiscint traidisiúnta atá faoi réim i gcuid mhór ollscoileanna, tuiscint atá fréamhaithe i seánraí seanbhunaithe iasachta an úrscéil agus an ghearrscéil. Frámaí seachtracha iadsan cuid mhaith a múnláiodh i dteangacha a raibh margadh slán faoina gcuid litríochtaí clóite leis na céadta bliain. Ní hamhlaidh don Ghaeilge agus tá samhlacha eile de dhíth chun ciall agus cruth a chur ar an gcorpas bearnach a tháinig slán chugainn ón seachtú haois déag. Ní oibreoidh seanslat tomhais an fichiú haois ach oiread – go bunúsach feabhas agus saibhreas na Gaeilge – chun léitheoirí a mhealladh. A mhalaírt ghlan go deimhin – cuireann an méid sin léitheoirí ó dhoras! Sa chás go roghnóimis cloí le múnláí coimeádacha léirmhínithe na seánraí seanbhunaithe, an t-úrscéal agus an gearrscéal, is breithiúnas dian a chaithfí a thabhairt ar chaighdeán agus ar inmharthanacht na saothar an chuid is mó den am. Ba dheacair mórshaothair a roghnú as a bhfuil foilsithe

le deich mbliana a shásódh ardchritéir thraigisiúnta agus a bhain pobal dealraitheach amach san am céanna. Ceist eile atá ann gan amhras, an féidir ardlitríocht a shaothrú beag beann ar phobal?

Más go drogallach féin é, táimid go léir ag leathnú na tuisceana ar cad is prós liteartha ann agus tugtar cead isteach tríd an gcúldoras anseo is ansiúd do shaothair nua-iriseoireachta, saothair taistil agus straeirí fánacha eile. Ach is cur chuige téacs-bhunaithe nó údarbhunaithe is mó a tharraingíonn léachtóirí chucu féin go fóill agus go bhfios dúinn níl frámaí nua anailíse ná teoirice á gcur i leith na scríbhneoireachta seo ag lucht léinn na Gaeilge. Níl tráchtairesreacht acadúil ann chun na sruthanna seo a lonnú ar aon bhonn cuimsitheach laistigh de thraigisiún na Gaeilge agus í sin a ríomh go coincheapúil arís i gcomhthéacs idirnáisiúnta.

Dá úire na léargais is déanaí ar cheisteanna idirchultúrtha, an t-iarchoilíniú, mar shampla, fós féin tá an seanmhachnamh i réim faoi chanóin na litríochta féin, na téacsanna agus na húdair a cheadaítear isteach faoi mhicreascóp na hanailíse. Is léamh an-chung ar an bprós é nach múintear leithéidí *Rince ar na Ballaí* le Dermot Somers nó *Seal i Neipeal* le Cathal Ó Searcaigh ar chúrsa spreagúil ollscoile a rianódh litríocht taistil na Gaeilge ó thús aimsire, agus an seánra sin á bhreithniú i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Ceadaíonn an léamh cúng céanna, áfach, go mbíonn ionad sna saothair chritice is mó le rá ag déantúis chruthaitheacha lagmheasártha ar bheag an meas ná an tóir a bhí orthu ina gceart féin mar shaothair ón gcéad lá. Sampla fánach amháin de sheánra próis eile sa Ghaeilge atá gan forbairt mar shruth léinn go bhfios dúinne is ea an dialannaíocht, a saothraíodh ag mórúdair Ghaeilge agus dintiúirí liteartha gan cháim acu, Ó Neachtain, Ó Súilleabhaín, Ó Criomhthain, agus Ó Ríordáin. Arís is mar théacsanna aonair a phléitear leo seo go fánach ar chúrsaí léinn.

Tá cúinsí sochtheangeolaíocha na Gaeilge féin ag cur brú breise ar an gcatagóiriú traidisiúnta. Tá cwlú na Gaeilge sa

Ghaeltacht agus teacht chun cinn na bhfriotal ‘Gaeilge’ ag lagú inneach na teanga ó bhonn, agus is annamh a bhíonn rath sa mhargadh ar shaothair nach gcleachtaíonn teanga thanáí theoranta. Cuireann an fhíric sin srian le gairm chruthaitheach an údair léitheoirí a mhealladh thar thairsigh úra samhláiochta agus teanga. Tá brú leanúnach ann a choscaíonn aon réim teanga sa Gaeilge ach an friotal is ísle, is teoranta agus is inghlactha ag cách. Ní ceisteanna teanga amháin iad seo ach ceisteanna ealaíne, mar a mheabhraigh John Banville (2005:11) dúinn le déanaí, ‘if everyone is an artist then no one is’ agus an tagairt a bhí aige do shaothar [Al] Alvarez, *The Writer’s Voice*: ‘Reading well...is as much an art as writing well and almost as hard to acquire.’

Tá dhá rogha ag lucht teagaisc na litríochta ar an tríú leibhéal. Is féidir cloí le dea-chaighdeán agus ardlitríocht agus le canóin an-chúng téacsanna a léifidh mic léinn leis an ngean agus an dúil chéanna lena santaíonn siad *Desiderius*, nó is féidir iad a mhealladh i dtreo na Gaeilge beo le déantúis bhríomhara nuaimseartha ach a bhfuil ceisteanna áirithe faoina bhfiúntas teanga agus a seasamh litearthá i gcomhthéacs ardluach na healaíne agus na critice acadúla.

Seans go gcaithfear glacadh leis freisin nach ionann go baileach an sainmhíniú a oireann don litríocht féin sa Bhéarla agus sa Gaeilge agus go minic gur gníomhaíocht chultúrtha inti féin is ea leabhar Gaeilge a léamh na laethanta seo. Bímid míchompordach go maith ag dul i ngleic leis na ceisteanna seo a eascraíonn as staid leochaileach na Gaeilge ag tráth áirithe dá saolré. Ach faoin am seo is ionann na múnláí clasaiceacha a chur i bhfeidhm uirthi agus í a adhlacadh i mbosca na Laidine agus na Gréigise, a bhaineann le ré agus le saothiúlacht eile. D’fhéadfaí í a mhúineadh ar an gcaoi sin, trí Bhéarla fiú amháin, mar theanga atá *litearthá* ach *calctha*. Ní tráth éadóchais é, darlinne, ach tráth dúshláin agus díospóireachta, chun go mbainfimis an luach agus an tairbhe is fearr as saothar na scríbhneoirí,

don teagasc, don taighde, agus ná dearmadaimis choíche, tait-neamh agus pléisiúr na léitheoireachta.

Cothú mhargadh na litríochta

Tá an catagóiriú liteartha lárnach d'fhorbairt an phróis agus tá freagra de shaghas á thabhairt ag dreamanna éagsúla ar an gceist seo. Tá a bhformhór seo lasmuigh de hallaí na hacaidéime, ach bíonn éifeacht acu in imeacht aimsire ar theagasc na litríochta ar an tríú leibhéal. I dtosach báire tá freagairt mhíthrócaireach an mhargaidh ann sa mhéid gur tearc ar fad iad léitheoirí *deonacha* na Gaeilge. Is ar éigean má tá dhá chéad duine fós ann a léann cúpla saothar féin sa Ghaeilge nach mbaineann le dualgais a bpost ná a gcuid staidéir, agus tá a bhformhórsan ar a bpínsean. Tá scríbhneoirí áirithe a mhaireann beag beann ar an bhfíric sin, agus a leanfaidh go deo den scríbhneoireacht mar theiripe phearsanta. Ach tá tuilleadh acu ann, áfach, ag fulaingt leagan na haimsire seo de ‘Anocht Scaoilid na Scola’, scríbhneoirí a bhfuil bunfhadhanna mothálacha agus fealsúnachta acu tabhairt faoi shaothar cruthaitheach i nGaeilge faoi láthair, saothar próis go háirithe. An fhírinne lom ná gur beag margadh atá ann lasmuigh de chúrsaí tríú leibhéal.

Tá luach agus tábhacht thar na bearta ag baint leis an earnáil sin ar ndóigh, ní ar bhonn díolacháin amháin ach chun eolas ar an litríocht chomhaimseartha a leathadh agus a chothú. Ach níl sé sláintiúil do litríocht ar bith a bheith ag brath chomh mór sin ar an margadh seo, mar is pobal léitheoirí éigeantacha iad cuid mhaith seachas pobal a bhfuil meas agus cion acu ar an litríocht. I gcás na Gaeilge tá na margáí liteartha dlúthnasctha riamh le tionscal na foghlama. Tá sé sin amhlaidh ó thús aimsir na hAthbheochana. Nuair a thoiligh Conradh na Gaeilge bille cló *Séadna* a ghlanadh don Athair Peadar sa bhliain 1898, tugadh foláireamh dó san am céanna nach nglanfaí aon bhille cló do shaothar ar bith eile aige, mura mbeadh an téacs ar chúrsa scoile.

12 SEÁN Ó CEARNAIGH AGUS CAOILFHIONN NIC PHÁIDÍN

Is baolach go mbíonn an teachtaireacht chéanna againn féin mar fhoilsitheoirí do chuid mhór údar dóchasach a ghabhann an bóthar chugainn. Ní ceist airgid í, ach mura bhfuil tuairim mhaith againne cé dó an leabhar, agus cén margadh a bheidh aige, gach seans *nach* bhfuil margadh ann dó in aon chor. Fiú laistigh de chuínsí teoranta mhargadh na Gaeilge, theastódh comhphlé leanúnach cruthaitheach idir scríbhneoirí, foilsitheoirí agus teagascóirí na litríochta, chun go bhféachfaí le hathnuachan a dhéanamh ar bhunacmhainn na léitheoirí Gaeilge.

Ní mór cothromáiocht acadúil a aimsiú freisin ar chláir liteartha léinn idir clasaicí an lae inné agus na saothair nua. Fiú sa Bhéarla féin, i sainmhargadh na filíochta, baineann 95% de dhíolachán na saothar filíochta sa Ríocht Aontaithe le filí nach maireann. Nuair atá margadh liteartha an-chúng, agus margadh acadúil lárnach laistigh de sin, bíonn éifeacht dhíreach aige ar éileamh leabhar áirithe. Bíonn éagsúlacht mhór idir freagairt na ranna éagsúla Gaeilge in ollscoileanna na tíre seo san aitheantas a thugann siad do na saothair nua liteartha ar chúrsaí léinn, nó a mhalairt ghlan. I dtéarmaí acadúla is gá a bheith soiléir faoi na spriocanna foghlama a bhaineann le gné na litríochta ar chlár léinn. Braitheann an freagra cuid mhaith ar chóimheá na n-aidhmeanna atá i gceist – pé acu léargas ar fheabhas na ndéantús clasaiceach nó cothú suime sa nuachumadóireacht nó go deimhin an dá sprioc sin i dteannta a chéile. Tá forbairtí i dteagasc na litríochta ag brath ar acmhainn eile fós, ar ndóigh – ábaltacht na foirne freagairt go cruthaitheach don ábhar agus cúrsaí spreagúla nuálaíocha a dhearadh agus a athnuachan.

Tagann riachtanais eile i gceist, don aos foghlama agus don léachtóir, le múineadh an phróis liteartha. Tá taithí agus spéis sa litríocht chomhaimseartha i dteangacha eile fíorthábhachtach freisin, mar aon le cíocras léitheoireachta. Tá sé an oiread sin níos éasca cloí leis na seantéacsanna céanna ó bliain go bliain. Cé go maífeadh ollscoileanna nach bhfuil aon dualgas faoi leith

orthusan an nuascríbhneoireacht a chothú, is beag rath a bheidh uirthi i nGaeilge *mura* mbeidh ról áirithe ag ollscoileanna i gcothú suime agus eolais uirthi le súil go leanfadh sciar beag éigin de na mic léinn de léamh na litríochta. Mura nglacann ollscoileanna leis an ról sin ar bhonn gníomhach dearfach, is taobh le clasaicí ón ré atá thart a bheimid go léir laistigh d'achar an-ghearr.

Tá saothrú na litríochta agus na critice nua-aimseartha antábhachtach do thodhchaí na Gaeilge mar theanga scríofa. Is beag deis a bhíonn ag an nglúin óg an teanga féin a aclú i réimsí ardréime. Tá sé riachtanach an teanga a ionramháil ar leibhéal sainiúla seachas futa fata na cainte beo a bhaineann le saol na sráide agus an saol sóisialta.

Cúngófar na réimsí feidhmeacha ag mórán teangacha Eorpacha in achomaireacht aimsire, agus iad á ndíothú ag próiseas an domhandaithe as dioscúrsa acadúil an ardoideachais. Tá aithne againn go léir ar Éireannaigh óga atá ag imeacht go tiubh go Budapest i mbun staidéir ar an leigheas, mar tá na cúrsaí á soláthar i mBéarla. Tá an domhandú céanna faoi chló an Bhéarla ag leathnú ar dalladh tríd an earnáil ollscolaíochta ar fud na hEorpa agus an Béarla i réim mar mheán teagaisc ar chuid mhór cúrsaí. Luadh an claoind seo, agus ní mar ghearán é, ach mar thréith inmhianaithe, i dtuarascáil an OECD (2004a:54) ar an ardoideachas in Éirinn:

Many European countries value the international element in their student base so highly that countries like Germany, Belgium, the Netherlands and Spain are now undertaking a high proportion of their postgraduate teaching in English.

Ceist an-bheo í seo do thodhchaí mórán teangacha agus do chothú na héagsúlachta san Eoraip trí chéile, mar a léirigh Bob Wilkinson (2005), eagraí na Comhdhála ‘Content and Language in Higher Education’:

Moreover institutions in some countries are now starting to compete aggressively at the first degree level, by offering courses taught completely in English from entry. Universities in English-speaking countries have already begun to note this growing challenge to their international hegemony.

Léiríonn na sleachta sin – tuarascáil an OECD go háirithe – dearcadh eacnamaíochta an-chúng ar an oideachas, atá beag beann ar luachanna cultúir, ealaíne, nó pobail. An toradh fadtéarmach a bheidh ar phróiseas seo an domhandaithe agus ollcheannas an Bhéarla ná formhór na dteangacha sin a lagú faoi thairseach na neamhlitearthachta de réir a chéile, agus impleachtaí móra cultúrtha agus ealaíne ann do thodhchaí a gcuid litríochtaí. Is laistigh d'ábhar léinn na Gaeilge féin a fhaigheann an lín is mó mac léinn an deis chun plé le coincheapa agus le teoiricí trí Ghaeilge, agus is i mbun ghné na litríochta comhaimseartha is fearr a bhíonn an deis acu cur lena gcumas teanga trí ionramháil foclóra, friotail agus stíle ar ardleibhéal.

Tá scáth an Bhéarla agus leathadh an domhandaithe san Eoraip ag géarú go mór ó fuasclaíodh oirthear na hEorpa ón scoiteacht i dtús na nóchaidí. Rianaigh Pierre Lepape (2004) na tionchair ba scanrúla ar ruathar seo an domhandaithe san alt ‘Le Dictature de la World Literature’, go háirithe na himpleachtaí do thionscal na foilsitheoirreachta ar fud an domhain agus don litríocht. Ar na mórábhair imní a luaitear, tá imeallú agus lagú na foilsitheoirreachta sna tíortha bochta agus drogall na ndíoltóirí ollmhóra glacadh le teidil a dhíolann go mall agus nach bhfuil ollfheachtais chumarsáide mar thaca acu. Luaitear freisin ceannas an Bhéarla ar liostaí na dteideal is fearr díol ar mhargaí na hEorpa trí chéile agus cúngú na margáí sin sna teangacha dúchasacha.

Is léir nach fadhbanna aon duine amháin iad seo, ach oiread le cás na Slóivéine a luadh i dtús an ailt. Baineann na saincheist-

eanna thus le díolachán saothar liteartha Gaeilge freisin, agus í in iomaíocht ar sheilfeanna sna siopaí le príomhtheanga an domhain. Tá ollmhargú déanta ar fhormhór na siopaí, agus ní spéis leo aon ní nach bhfuil curtha i mbéal an phobail ag ollfheachtas na meán cumarsáide agus é ag bogadh breá tapa de na seilfeanna. Ní hí an Ghaeilge amháin atá thíos leis seo, ar ndóigh, ach gach ábhar sainspéis agus mionlaigh, ach níor chóir glacadh leis in aon chor go mbíonn gach leabhar nua Gaeilge le feiceáil fiú ar feadh cúpla seachtain féin sna príomhshiopaí níos mó.

Forbairt nua-aimseartha amháin a chuireann margáí nua liteartha ar fáil dúinn is ea an teicneolaíocht, go háirithe an gréasán domhanda agus an díolachán ar líne, rud atá forbartha ag Cois Life le roinnt blianta anuas. Ar a laghad tá teacht ag ceannaitheoir aon áit ar domhan ar an gcatalóg iomlán, agus sonraí na leabhar suas chun dáta i gcónaí, agus deis ordaithe trí phróiseas slán le córas orduithe creidmheasa. Seirbhís dhíreach atá ann, beag beann ar shiopaí ná gníomhairí eile, agus seirbhís phearsanta san am céanna á dheimhniú trí theagmháil r-phoist. Tá líon na ndíolachán agus na n-athchuaireanna ag ardú agus gaol maith againn le custaiméirí áirithe i bhfad ó bhaile. Tiocfaidh fás agus forbairt air seo sna blianta amach romhainn, agus tá cinneadh déanta againne mar chomhlacht an phríomhthosaíocht a thabhairt d'fhorbairt www.coislife.ie. Is tábhactaí go mór é mar sheirbhís eolais agus díolacháin ná na láinseálacha leabhar agus feachtas eile fógraíochta agus poiblíochta, ar beag an toradh a leanann iad in amanna. Seirbhís luachmhar atá sa láithreán freisin d'údair agus do lucht oideachais ar gach leibhéal atá ag plé le scríbhneoireacht chomhaimseartha na Gaeilge, go háirithe na próifílí údar, an air-cív léirmheasanna agus acmhainní eile.

Tá deiseanna nua ar an idirlíon, agus gearrann foilsitheoiríreacht ilmheán siar ar úsáid acmhainní cló agus páipéir, ar dháileoirí agus ar shiopaí. Má scanraíonn sé sin daoine áirithe,

cuimhnímis gur saolré an-ghearr go deo a bhí ag an nGaeilge idir clúdaigh chló. I gcás na saothar cruthaitheach sin nach bhfuil éileamh orthu ar chláir ollscoile, an bhfuil aon chúis mhaith ann, nach gcuirfí in airde iad ar shuíomh gréasáin i bhfoirm *pdf* agus cead ag daoine iad a íoschóipeáil, nó arbh ionann sin dar linn agus admháil phoiblí nach bhfuil margadh ann dóibh sa ghnáthshlí? Chuireamar féin moladh faoi bhráid chúpla ollscoil cheana go gcruthófaí suíomh mar é do na tráchtas Ghaeilge ab fhearr freisin, mar acmhainn náisiúnta léann na Gaeilge do thraigheoirí. Níor léiríodh aon tsuim ann, go dtí seo pé scéal é. Faoi láthair samhláionn gach údar tráchtas agus a stiúrthóir acadúil, go bhfuil ábhar leabhair aige! Fiú má dhéantar an giorrú agus an t-athscríobh go léir a theastaíonn chun spriocanna foilsithe a bhaint amach, bíonn cuid mhór eagarthóireachta agus costas mór cló i gceist ar mhaithe le margadh bídeach, cúpla céad cóip, ag deireadh an lae.

Léiríonn an sliocht a luadh as *Lonely Planet* na Slóivéine gur scéal coitianta is ea cúngrach mhargadh na litríochta san Eoraip. Go deimhin is beag an difríocht atá le sonrú anois idir cás na Gaeilge agus cás na dteangacha úd nach mionteangacha iad *per se* ach iad faoi bhrú mar sin féin, leithéid na Slóivéinise, cuir i gcás. Ar an gcaoi seo, tá gach teanga agus gach litríocht, seachas an Béarla féin, faoi bhagairt. Fiú sa Bhéarla féin ní mór tacaíochtaí speisialta a sholáthar i gcónaí do ghníomhaíochtaí foilsitheoirreachta drámaíochta agus filíochta. Agus cuid againn ag maireachtáil faoi scáth fisiciúil na mboscaí leabhar gan díol, b'ábhar sóláis dúinn an léirmheas ar bheathaínéis Borges in *The Economist* (2004b:32) le déanaí inar tuairiscíodh: ‘Some of his work is recondite to the point of obscurity. One book of stories sold only 37 copies when first published.’

Maidir leis an margadh de, mar bhonn comparáide, fillimis ar na figiúirí foilsitheoirreachta sin ón Eoraip (1998) lenar thosaíomar. Foilsíodh 15 leabhar an bhliain sin in aghaidh an 10,000 duine sa tSlóivéin. Seo thíos an bonn comparáide:

An Iodáil 8.2; An Ghearmáin 8.7; An Ostair 8.8; An Fhionlainn 8.9; An Bheilg 9.6; An Ísiltír 10; An Iorua 11.8; An tSualainn 13.7; An Eilvéis 14.9; An Ríocht Aontaithe 15.4; An Danmhairg 22.9.

Tá cosúlachtaí agus neamhchosúlachtaí ann, ar ndóigh, de thoradh difríochtaí polasaí. Seo mar a chuir Appelman (2002) síos ar spriocanna cultúrtha na dtíortha éagsúla:

European countries have similar cultural goals for books. The most common are the promotion of reading and the production of (literary) books (of a diverse nature). The extent to which the free market can achieve the[se] cultural goals is uncertain and differs across countries. In cases where the free market does not achieve the goals or politicians do not want to accept uncertainty, a policy instrument is needed. Commonly used instruments in Europe include the fixed book price, subsidies, libraries, and lower VAT.

Bhí údar an phíosa sin go láidir den tuairim nár cheart go mbeadh polasaí amháin ann don Eoraip trí chéile, go raibh gá le saoirse áitiúil chun ‘araíonna’ a chur ar an saormhargadh de réir mar ba ghá.

Bunacmhainní an phróis – teanga, scríbhneoirí, léitheoirí

Thug críoch an fichiú haois deis athbhreithnithe do lucht taighde. Spreagadh spéis úr i dtréimhse na luath Athbheochana, mar is léir sa tsraith ag Cois Life, *Lúb ar Phár*. Breithníodh as an nua cruthú na dtuiscintí agus na spriocanna bunaidh lenár fhásamar féin aníos, na hairteagail chreidimh sin go mairfeadh an teanga slán, scríbhneoirí nua-aimseartha á saothrú, agus pobal á léamh. An rabhthas ró-uaillmhianach? Pé freagra a

bheadh againn air sin, éacht atá bainte amach ag breathnú ar líon agus ar éagsúlacht na leabhar, ar phobal a léifidh an t-alt seo ar spéis leo fós an cheist.

Tá buncheisteanna ann i gcónaí faoi inmharthanacht na hoibre seo, scríbhneoireacht, léitheoireacht agus foilsitheoireacht na Gaeilge. Tá mionchíoradh déanta ar ghnéithe den ábhar seo sa chnuasach ag Ní Mhianáin (2003) agus ag Nic Pháidín (1998). Áitítear nár fhréamhaigh an litearthacht sa Ghaeilge i gceart riamh, cé gur thuig na hathbheochanóirí féin go mbeadh sé seo bunriachtanach do shlánú na teanga agus do chothú na litríochta, ráiteas an Athar Peadar mar shampla in *Fáinne an Lae* (1.10.1898): ‘if all, or nearly all of our speakers can be made readers of the language it is essentially saved.’

Léiríonn na foinsí luathAthbheochana tuiscintí agus plé forleathan ar cheist seo na litearthachta, a chaithfear a chur san áireamh in aon anailís ar fhorbairt na nualtríochta. Ní mór cuimhneamh freisin go raibh claochlú i gceist ar íomhá na Gaeilge an t-am sin in intinn an phobail, go bhféadfaí í a scríobh agus go bhféadfadh gnáthdhaoine í a léamh, mar a d'eachtraigh Peadar Ó hAnnracháin, ina shaothar *Faoi Bhrat an Chonnartha* (1944:557). Thagair sé don iontas a bhí ar a athair (a thóg an chlann le Béarla) nuair a léigh a mhac, an Peadar céanna, Séadna dó os ard: ‘Níor thuig sé go dtí gur airigh sé Séadna á léigheadh go bhféadfaí an saghas Gaeilge do bhí aige féin do bheith in aon leabhar.’

Tá litríocht na Gaeilge breac le tagairtí mar sin, ráiteas Thomáis Laighléis (de Bhaldraithe 1977:59), cuir i gcás:

Na haineolaithe bochta nach raibh focal ina bpluic... shíl siad nach raibh scríobh ná léamh ag baint leis an nGaeilge ach dá labhairt ina caint mar sin. Sin é an fáth go mba iontaí leo ná an sneachta dearg í a bheith á léamh as leabhar.

Cóinníonn deighilt idir an teanga labhartha agus an teanga scríofa an léitheoireacht go mór ar gcúl, agus is ceist mhór í sa

lá inniu féin ar bhealach eile. Níl an t-aos óg, fiú iadsan a thógtar le Gaeilge, agus/nó a fhaigheann a gcuid oideachais trí Ghaeilge, ar a suaimhneas ag *léamh* i nGaeilge. Ar bharr an liosta againne agus saothair á gcoimisiúnú agus á measúnú le foilsíú is ea inlítéacht an leabhair, le súil go mbeidh léitheoirí ábalta dul i ngleic leis, cur chuige nach bhfónann i gcónaí do chothú na cruthaitheachta ná do shaothrú stíle liteartha.

Le fada an lá sna díospóireachtaí seo bunaítear an chomparáid idir an lá inniu agus na torthaí a bhí á mbaint amach sna 1960í agus sna 1970í sna figiúirí díolacháin ag *Comhar*, *Feasta*, agus *Inniu*, ag na mórleabhair liteartha ag Sáirséal agus Dill, agus ag díolacháin an Chlub Leabhar. Baineadh buaic amach sna 1960í mar thoradh ar olliarracht an Stáit tríd an Roinn Oideachais i dteagasc na litearthachta Gaeilge, éacht ghlúnta tosaigh na hAthbheochana. Ní hiad cúinsí na Gaeilge amháin faoi deara an cwlú a tharla ina dhiaidh sin. Tháinig an teilifís agus forbairt dá réir ar na meáin chraolta, agus leagadh béis nua ar labhairt na dteangacha sa chóras oideachais ar bhonn níos fairsinge go mór ná an Ghaeilge. Ní fhéadfaí a bheith ag súil feasta le cleachtas na scríbhneoireachta agus na léitheoireachta ar an leibhéal céanna ardinniúlachta. Ó thaobh chruinneas na Gaeilge go háirithe, thit caighdeán na gcéimithe a scaoileadh amach ar an margadh múinteoireachta agus faoin tráth seo is beag céimí óg atá inniúil ar bhlúire simplí cumarsáide scríofa a dhéanamh go cruinn i nGaeilge.

Tá dúshláin mhóra roimh na cló-mheáin uile i nGaeilge na caighdeáin a choinneáil i margadh atá ag crapadh. Tá deiseanna breátha do scríbhneoirí agus léiritheoirí sna meáin chraolta anois, deiseanna cruthaitheacha nach bhfuil teoranta don téacs. Fiú an lín beag daoine a chuireadh suim tráth i ngairmeacha ar ghá an Ghaeilge chruinn scríofa chun iad a chleachtadh, b'fhearr lena bhformhór anois dul le deiseanna na teilifíse, agus le saothrú an fhocail bhéil seachas le ceird na scríbhneoireachta. Is beag fóram atá ar fáil chun dea-iriseoireacht, dea-scríbh-

neoireacht agus fiú díospóireacht chultúrtha éigin a thionscnamh i nGaeilge. Dá mhéad na deiseanna is laige staid na léirmheas-tóireachta anois ná mar a bhí le fada, fiú in *Comhar*, mar shampla, áit a bhféadfaí brath, tráth dá raibh, ar léirmheasanna cuim-sitheacha.

Tá easpa cumais i ngné na litearthachta ag mic léinn agus iad ag teacht sa chórás tríú leibhéal. Tá sé seo ag dul i gcion ar roghnú agus ar theagasc na saothar liteartha ar chúrsaí léinn. Má tá focalstór teoranta agus scileanna laga teanga ann mar thuis, agus ansin drogall ar dhaoine óga dul i ngleic le téacs dúsh-lánach liteartha pé scéal é, cén seans atá ag údar go léifear a shaothar, *fiú agus é ar an gcúrsa?* Le roinnt blianta anuas tá béim againn féin mar chomhlacht foilsitheoirreachta ar shaothair ghearra, soiléite agus dearadh agus leagan amach orthu a chuidíonn le próiseas na léitheoirreachta. Is iad na scríbhneoirí is oilte ar fad a bhaineann an sprioc sin amach dar linn, agus a chuireann carachtair liteartha ina mbeatha i bhfriotal a aithníonn na léitheoirí. I gcás Cois Life, roghnóimis Éilís Ní Dhuibhne go háirithe mar eiseamláir sa chás seo.

Teastaíonn léitheoirí ó na húdair ach ní hiad léitheoirí dual-gais na scrúduithe Stáit agus ollscoile is mó a shantaíonn siad. Is géire an cás seo le saothair próis. Téann filí agus drámaí ar cam-chuaird agus cuirtear déantúis os comhair an phobail mar ealaín bheo go minic. Léitheoireacht aonarach phríobháideach is ea gearrscéalta agus úrscéalta de ghnáth. Tá athnuachan an phobail léitheoirí bunúsach agus criticiúil do thodhchaí phrós na Gaeilge. Faoi mar a léiríonn údair éagsúla in Ní Mhianáin (2003), áfach, is gnách nós na léitheoirreachta aonair a bheith *bunaithe* i mbÉarla agus *séanta* i nGaeilge, fiú ag cainteoirí dúchais sa Ghaeltacht agus sna teaghlaigh Ghaelacha roimh fhágáil na bunscoile dóibh.

Earnáil na foilsitheoirreachta agus ról Cois Life

Ceisteanna straitéiseacha forbartha ar an earnáil trí chéile is mó atá pléite againn go dtí seo. Is gá ceannaireacht agus tionscnaíocht chun aghaidh a thabhairt orthu.

Tá dhá mhóracmhainn ag earnáil na foilsitheoirreachta Gaeilge. Tá tacaíocht Stáit ann ar láimh amháin agus tá a lán ama á infheistiú ar bhonn deonach ar an láimh eile ag na foilsitheoirí. Tá trí fhoras Stáit ag plé leis an réimse, agus spriocanna agus clár oibre an-éagsúil acu. Ní easpa acmhainní ach easpa straitéise an bac forbartha is mó.

Chun an leas is fearr a bhaint as na hiarrachtaí uile, tá géarghá le comhphlé agus le ról ceannaireachta straitéise, ag Bord na Leabhar Gaeilge go háirithe. An dúshlán atá ann – teacht ar struchtúir a dheimhneoidh gairmiúlacht, fiontraíocht agus cruthaitheacht i ngnó na foilsitheoirreachta. Is mithid athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir tacaíochta (a ceapadh i 1952!) mar aon leis an meon táirgebhunaithe a bhaineann leo. Thug an Cadhnach ‘gallán sóivéideach’ ar an nGúm tráth, agus an nós a bhí acu na focail a chomhaireamh. Ní haon dul chun cinn é comhaireamh na leathanach ag Bord na Leabhar Gaeilge (atá fós ar siúl agus seo á scríobh), ná aon scéimeanna eile bunaithe ar mhionchigireacht riaracháin mar bhunús íoctha deontas. Dearcadh úr agus cur chuige forbartha is gáanois chun tacú le comhlachtaí feidhmiú ar bhonn gairmiúil seachas scéimeanna a bhuanóidh cur chuige daoine aonair ag feidhmiú ar bhonn caitheamh aimsire tar éis obair an lae, nó mar shiamsaíocht phinsin. Ní féidir le comhlacht seirbhís ghairmiúil a dheimhniú gan ball forrne amháin fostaithe ar a laghad agus seacht nó hocht dteideal sa bhliain ar láthair an mhargaidh. Is gá cur chuige páirtnéireachta a bhunú idir na forais Stáit éagsúla agus idir iad agus na foilsitheoirí is tionscantaí agus is rathúla.

Faoin gcóras maoinithe Stáit ag Bord na Leabhar Gaeilge faoi láthair, níl a bhac ar scríbhneoirí agus ar fhoilsitheoirí leanúint

den olltáirgeacht liteartha faoi mar a bheadh sé ag dul sa stóras *Intervention*, agus go dtí seo ní heol dúinn gur ceapadh scéim *Setaside* chun gearradh siar air. Ina choinne sin, áfach, tá polasaí daingean ag Cois Life le roinnt blianta an margadh nó easpa an mhargaidh a chur go láidir chun tosaigh sa chinneadh chun saothar a ghlacadh nó údar a choimisiúnú i mbun pinn. Cuirtear cuid den fhreagracht seo ar ais ar na húdair féin agus dualgas orthu margadh, más nideog shuarach féin é, a aithint agus díriú air.

Is gá straitéis don earnáil a cheapadh, a shoileáireodh don chéad uair, ról Bhord na Leabhar Gaeilge, ról na Comhairle Ealaíon, agus ról Fhoras na Gaeilge sa chúram seo. Is gá polasaithe soiléire tréadhearcacha faoin gcóras tacaíochta atá ar fáil d'fhoilsitheoirí. Forbairt tionscail atá uainn seachas breis teideal. Tá polasaithe soiléire de dhíth i dtaca le tosaíochtaí agus cúnamh. Is gá fios a bheith ag foilsitheoirí roimh ré agus iad i mbun pleánála, an bhfuil cúnamh ar fáil nó a mhalairt do nithe ar nós léaráidí lánndaite i leabhair don óige; an bhfuil tacaíocht ann ar chor ar bith nó ar leathscála do shaothair dhátheangacha; agus is gá déileáil mar dhá ainmhí éagsúla le saothair acadúla agus saothair liteartha.

Tá an crá agus an t-easnamh is mó, gan aon amhras, i réimse na margáiochta agus ní féidir é a phlé i gceart anseo. Liodán le háireamh is ea na gearáin ag údair nach bhfeictear a saothair ar díol. Ar áirigh aon dream riagh costas stórála na leabhar Gaeilge uile, i gcoibhneas le caiteachas margáiochta? Réiteach áirithe is ea an siopa ar líne againn féin mar shampla ach ní leor é. An rud ba lú ba ghann do na forais Stáit thuasluaite a eagrú ná suirbhé eolais ar fhíricí an mhargaidh le bliain nó dhó anuas, agus straitéis ghníomhaíochta ina dhiaidh sin. Ní fiú brobh na gearáin ná na geallúintí go dtí go bhfaighfear amach nithe mar seo: meánchaiteachas an phobail ar leabhair (murab ionann is táirgí eile fóillíochta – agus briseadh síos Béarla/Gaeilge air seo); líon na dteideal (mar bhonn comparáide idirnáisúnta agus

mar bhonn líne stairiúil); líon na dteideal nua (seachas ath-chlónna); meán-chlóritheanna; meánphraghsanna i gcomparáid le leabhair i mBéarla; líon teideal dírithe ar shainmhargaí (an óige, déagóirí, foghlaimeoirí); teidil a raibh ábhar leictreonach iniata leo; líon agus luach an cheannaigh sna siopaí, ar an idirlíon nó trí chlubanna; bríseadh síos ar an margadh do leabhair Ghaeilge de réir na ndeighleán clasaiceach (aois, gnéas, leibhéal oideachais, ioncam, agus áit chónaithe). Bheadh sé spéisiúil ceisteanna eile a chíoradh, féachaint mar shampla, as na tithe foilsitheoirreachta ar fad cá mhéad teideal a fhoilsíonn siad agus comparáid a dhéanamh le tíortha eile.

Tá na milliúin euro infheistithe ag an Stát i scríbhneoireacht agus i bhfoilsitheoirreacht na Gaeilge. Níl oiread is tuarascáil chuimsitheach amháin againn a thugann léargas anailíseach ar a bhfuil á scríobh, á fhoilsiú, agus á léamh. Bhí breathagairtí d'earnáil na Gaeilge san athbhreithniú a rinne Coopers and Lybrand deich mblíana ó shin don Chomhairle Ealaíon (1995), *The Future of the Irish Book Publishing Industry*. Ba chóir go bhfeicfí tuarascálacha taighde agus ráitis straitéise ag teacht ó Bhord na Leabhar Gaeilge agus ó Fhoras na Gaeilge mar léiriú ar na tosaíochtaí sa mhaoiniú Stáit. Go dtí go ndéanfar an obair riachtanach sin is réitigh logánta a bheidh á lorg againne mar fhoilsitheoirí i dtionscal deonach atá ar easpa treo.

Ag cur na gcúinsí sin go léir san áireamh is míorúilt í scríbhneoireacht bheo na Gaeilge. Tá Cois Life ann le deich mblíana agus leathchéad éigin teideal foilsitheanois againn. Líon maith díobh sin is údair nua do ghlúin nua iad. Táimid go mór faoi chomaoín ag na scríbhneoirí sin go háirithe agus ag ár meitheal dhílis comhairleoirí páirtaimseartha a ghlacann páirt sa tionscnamh uaillmhianach seo, ar bheagán cúitimh go minic. Tá súil againn go gcuirfear an tacaíocht riachtanach agus na struchtúir ghairmiúla ar fáil chun go mbláthóidh sí.

24 SEÁN Ó CEARNAIGH AGUS CAOILFHIONN NIC PHÁIDÍN
Foinsí

- 1995. The Future of the Irish Book Publishing Industry. Coopers and Lybrand.
- 1998. ‘The Italian Book Market Report 1998’ <http://www.aie.it/Allegati/Stranieri/> The Italian Book Market – Report1998.pdf. Rochtais 25/03/05.
- 2004a. EDU/EC(2004)14 OECD Review of National Policies for Education: Review of Higher Education in Ireland. Examiners’ Report.
- 2004b. ‘Sightless Seer of Buenos Aires’, *The Economist*, 9 September, 32.
- Appelman, M.D. & Canoy, M.F.M. 2002. ‘Horses for Courses: Why Europe should not harmonise its book policies’, *De Economist*, 150 (5), 583-600.
- Banville, J. 2005. ‘Veteran of the culture wars’, *The Irish Times*, 29 January, 11.
- de Bhaldraithe, T., eag. 1977. *Seanchas Thomáis Laighléis*. Baile Átha Cliath.
- Lepape, P. 2004. ‘Le Dictature de la World Literature’, *Le Monde Diplomatique*, Mai, 24-5.
- Nic Pháidín, C. 1998. *Fáinne an Lae agus an Athbheochan (1898-1900)*. Baile Átha Cliath.
- Ní Mhianáin, R. eag. 2003. *Idir Lúibíní. Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*. Baile Átha Cliath.
- Ó hAnnracháin, P. 1944. *Fé bhrat an Chonnartha*. Baile Átha Cliath.
- Watson, N. 2001. Watson, N., Fallon, S., eds, *Slovenia*. Lonely Planet Publications. Australia. 3rd edition.
- Wilkinson, B. 2005 ‘Where is English taking Universities’, *Guardian Weekly*, 18 March.